# Gaelscoil Chill Dara

| 15.11.2019 | 15.11.2019 |
| --- | --- |
| **Cad a bhí ar siúl againn an tseachtain seo?**<br><br>1. Bhí lá iontach ag Ranganna a 3 ag an Zú.<br><br>2. Bhí na foirne cispheile ag imirt inné. Beidh cluiche eile acu an tseachtain seo chugainn. Maith sibh agus míle buíochas do na múinteoirí atá i gceannas. Áine, Aoife agus Aoileann.<br><br>3. Bhí na páistí an-ghafa ag léamh agus ag léamh i rith na seachtaine. | **What were we doing this week?**<br><br>1. Rang a 3 had a great day at the zoo.<br><br>2. The school's basketball team had a match yesterday and will have another next week. Well done and many thanks to the Teacher's for helping, Áoileann, Áine & Aoife.<br><br>3. The children have very busy with lots of reading. |
| **Cruinniú den Bhord Bainistíocht 11.11.2019**<br><br>1. Ba mhaith leis an mBB buíochas a ghabháil le pobal na scoile agus Coiste na dTuismitheoirí go speisialta, don obair iontach a chuir siad itseach anuraidh agus don airgead a chruinnigh siad a chabhróidh go mór le himeachtaí scoile a chur ar siúl agus acmhainní a cheannach i mbliana. Míle buíochas.<br><br>2. Tá foireann na scoile ag freastal ar chúrsaí maidir le Bainistíocht Scoile, Cosaint Leanaí, OSPS, Curaclam Teanga na Bunscoile, Teicneolaíocht, Oideachas Speisialta, Gaeloideachas agus Droichead faoi láthair.<br><br>3. Guíonn BB na scoile gach rath ar an mBord nua a thosóidh i Mí na Nollag. Treise libh!<br><br>4. Ba mhaith liomsa thar cionn phobal na scoile buíochas ó chroí a ghabháil le baill an bhoird atá fial fláithiúíl lena gcuid eolais agus a gcuid ama le 4 bliana anuas. Míle buíochas ag go néirí libh. | **Board of Management 11.11.2019**<br><br>1. The Board of Management would like to thank the school community and especially the Parent's committee, for all the great work they put in last year and the money raised to organize school activities and to buy school equipment.<br><br>2. The school staff are currently attending courses about school management, child protection, SPHE, Primary language curriculum, technology, special education, Gaeloideachas and Droichead.<br><br>3. The Board would like to wish the new Board of Management the best of luck in the new year.<br><br>4. On behalf of the school community I would like to give my heartfelt thanks to the members of the Board of Management, who have so generously shared their time and knowledge for the last four years. Many thanks & best of luck to you all. |

| | |
|---|---|
| **Comhghairdeachas ó chroí do Mhúinteoir Eibhlín faoi shaolú a mic alainn!** | **The school wish to send congratulations to Múinteoir Eibhlín on the birth of her beautiful son!** |
| **Nuacht**<br><br>1. Beidh Garda Barry ag teacht arís le labhairt leis na páistí i ranganna 1 agus 2 faoi obair an Gharda.<br><br>2. Beidh aoichainteoir ag teacht le labhairt leis na páistí sna hardranganna maidir le sábháilteacht ar líne.<br>Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ag www.webwise.ie | **News**<br><br>1. Garda Barry will visit the school to talk to Ranganna 1 & 2 about the role of a Garda.<br><br>2. We will have a guest speaker speaking to the senior classes about Internet safety. More information available on www.webwise.ie |
| **Eolas do thuismitheoirí**<br><br>Má tá fonn ort cúpla focal a úsáid sa bhaile bain súp as an leabhar álainn seo buíochas le Gaeloideachas.<br>Déan Comhrá ar fáil anseo. | **Information for Parents**<br><br>If you would like to use cúpla focal at home, you can use this book thanks to Gaeloideachas. Déan Comhrá available here. |
| **Dátaí dod' dhialann**<br><br>1) Mí na Samhna, mí na léitheoireachta. Tá na páistí ag baint suilt as na leabhair a léamh agus ar an **21.11.2019** beidh lá gan pheann luaidhe againn. Ní bheidh aon scríbhneoireacht ar siúl i rith an lae, beidh go leor imeachtaí speisialta cosúil le léamhatón ar siúl agus baileoimid 3 euro an pháiste nó 5 euro an chlann do MS Ireland (Is féidir an 5euro a íoc ar Aladdin.). Ní bheidh aon obair bhaile scríófa ag na páistí!<br><br>2) Ranganna 3,4,5,6 Cultach reatha glasa **gach Aoine** go dtí laethanta saoire na Nollag don snámh agus aclaíócht.<br><br>3) Coiste Glas - go raibh míle maith agaibh do na tuismitheoirí a cabhraiíónn linn, an chéad chruinniú **22.11.2019** @ 9.15, má tá fonn ort cabhrú linn sa ghairdín, tá míe fáilte romhat!.<br><br>4) Team Hope - Bosca Bróg na Nollag - Tá nóta faighte | **Dates for your diary**<br><br>1) Month of November – Month of reading. The children are enjoying reading books, on the 21.11.2019 we will have a day without pencils. There will be no writing during the day, we will have special activities organized such as a Readathon. We will collect €3 per child and €5 per family towards MS Ireland (€5 can be paid on Aladdin) There will be no written homework on this day!<br><br>2) Rang 3,4,5,6 Green sports uniform to be worn every Friday until Christmas for sport & swimming.<br><br>3) Green committee – Thank you very much to the parents that help us. The next meeting is 22.11.2018 @ 9.15. You are very welcome to come and help us in the garden.<br><br>4) Team Hope – Christmas Shoe Box appeal. Your child |

| | |
|---|---|
| ag na páistí agus caithfimid na boscaí a sheoladh ar aghaidh ar an 22.11.2019. GRMA<br><br>5) Aonach na Leabhar **4.12.2019** | received a note, we need to send the boxes on the 22.11.2019<br><br>5) Christmas Box fair 4.12.2019 |
| **Gaeilgeoirí na Seachtaine - Comhghairdeachas Libh agus le Múinteoir na Seachtaine Múinteoir Michelle!**<br><br>**Gaeilgeoirí na Seachtaine;** I rith na seachtaine bíonn na múinteoirí ag faire amach do na páistí a dhéanann iarracht sa bhreis leis an nGaeilge, a labhraíonn í go neamhspleách, go cruinn agus a léiríonn an seibhreas teanga atá acu. Mol na páistí seo, tá éacht bainte amach acu agus spreagann siad na páistí eile gach seachtain!<br><br>Gach Déardaoin beidh ar do pháiste (ranganna1-6) cárta nó litir bhuíochais a dhéanamh do dhuine amháin a oibríonn i nGaelscoil Chill Dara um buíochas a ghabháil leo don obair a rinne siad i rith na seachtaine. Bíonn crannchur gach Aoine leis na cártaí do na **múinteoirí**.<br><br>**Réalta an lae** -Gach lá roghnaíonn na múinteoirí ó Ranganna 1 - 6 páiste amháin mar Réalta an Lae. Caithfidh na páistí iarracht sa bhreis a dhéanamh um an cárta seo a fháil. Táimid an-bhrodúil as ár bpáisti, bí cinnte go molann tú go hard na spéire iad nuair a éiríonn leo an cárta a fháil. Treise libh a pháistí!<br><br>**Mol an óige agus tiocfaidh siad!** | **Gaeilgeoirí na Seachtaine - Congratulations to you all! Múinteoir na seachtaine - Múinteoir Michelle.**<br><br>**Gaeilgeoirí na Seachtaine;** During the week, Teachers are listening out for the children that make a special effort to speak Irish, depending on the use Irish independently, accurately and the use of a rich vocabulary. Praise these children, this is an achievement that inspires other children each week.<br><br>Every Thursday, the children from Rang 1 – 6 will make a thank you card/note for a member of the Gaelscoil Chill Dara staff to show their thanks for the work they have done during the week. Every Friday, there will be a raffle of the cards for Teachers.<br><br>Réalt an lae – Everyday a teacher chooses a child from Ranganna 1 – 6 to be a Réalt an lae. Every child must make a special effort to win this card. We are very proud of our pupils, be sure to highly praise your child when they win this award.<br><br>**Mol an óige agus tiocfaidh siad!** |